

Teagascann an t-ollamh **Giuseppe Marci** Focleolaíocht na hIodáilise i nDámh na dTeangacha agus na Litríochta Iasachta ag Ollscoil Cagliari agus Litríocht na Sairdíní i nDámh na nEalaíon agus na Fealsúnachta ag Ollscoil Cagliari. Theagascadh sé in Ollscoil Sassari.

Tá sé ina stiúrthóir de *Centro di Studi Filologici Sardi* (Lárionad na Focleolaíochta Sairdíní) agus ina eagarthóir den tsraith *Scrittori sardi* (“Scríbhneoirí Sairdíní”).

Bíonn sé i mbuniriseoireachta liteartha agus bhunaigh sé “NAE”, ráitheachán cultúir (2002-2008), agus bhíodh sé ina phríomheagarthóir de.

Rinne sé staidéar ar an mhodh ar fhorbair an litríocht Iodálach san am agus i gceantair éagsúla, agus go háirithe sa tSairdín agus sa tSicil.

Scríobh sé faoi shaothair dhírbheathaisnéiseacha na 18ú haoise (Giacomo Casanova) agus na 20ú haoise (Beppe Fenoglio, Sergio Atzeni).

D’fhoilsigh sé eagrán de shaothair scríbhneoirí teagascacha na 18ú haoise (Domenico Simon, Giuseppe Cossu, Antonio Purqueddu, Andrea Manca dell’Arca, Pietro Leo); de scríbhneoirí (Enrico Costa) agus de dhírbheathaisnéisithe na 19ú haoise (Vincenzo Sulis); de scríbhneoirí (Salvatore Satta) agus de dhírbheathaisnéisithe (Umberto Cardia) na 20ú haoise.

Scríobh sé leabhar dar teideal *In presenza di tutte le lingue del mondo. Letteratura sarda* (“I láthair gach aon teanga an domhain mhóir. Litríocht na Sairdíní”) ag féachaint ar litríocht na Sairdíní ón tseanam go dtí an lá inniu agus ag machnamh ar théama na canóna agus ar an bhaint idir scríbhneoirí móra agus scríbhneoirí beaga, idir na príomhthraidisiúin liteartha agus ar scríobhadh i limistéir imeallacha.

